FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Tír na nÓg ag Cúl an Tí: Saol Sheáin Uí Ríordáin

Ciarán Ó Dornáin

Bhí Seán Ó Ríordáin ar dhuine de na filí Gaeilge i lár an chéid seo caite a deirtear a rinne nuashonrú ar fhilíocht na Gaeilge, ó thaobh ábhair agus múnlaí de. Sa chnuasach seo, tá seacht n-aiste a craoladh ar RTÉ ar chomóradh 30 bliain ó fuair sé bás i 1977.

Díríonn na haistí ar Sheán Ó Ríordáin – an duine, níos mó ná an file – agus is léir gur obair aisghabhála atá ar bun ag na daoine taobh thiar den tionscnamh, as siocair an clú a tharraing Ó Ríordáin air féin le linn a shaoil agus b'fhéidir an clú a tharraingíonn sin ar litríocht na Gaeilge, ós a thábhachtaí Ó Ríordáin.

Dar le Seán Ó Ríordáin go raibh uaigneas de dhíth ar an fhile – spás machnaimh le filíocht fhiúntach a chruthú.

Mar ealaíontóir agus mar dhuine, tá Ó Ríordáin lán amhrais agus sa tóir ar fhírinne a éalaíonn ón ghnáthdhuine.

Is soiléir go raibh fealsúnacht Eiseachas Caitliceach Kierkegaard, filíocht Eliot agus prós Joyce mar thionchair láidre ar a shaothar.

Ba é an toradh air seo uilig go síltear gurbh fhilíocht dheacair a scríobh sé agus gurbh fhear deacair a scríobh.

Ní hionadh é go bhfuil údair na n-aistí atá in *Tar Éis a Bháis* ag iarraidh taobh eile den fhile thábhachtach seo a thaispeáint.

Is iad teidil an chéad dá aiste: 'Seán Ó Ríordáin agus an Dá Thíriúlacht, An Ghaeltacht agus an Raibiléiseachas' agus 'Ag Cabaireacht sa tSaol: Tréimhse Chomrádaíochta le Seán Ó Ríordáin.'

Éiríonn leis an tionscnamh go pointe ach is cuid den sainléiriú go dtugann sé chun solais cuid den achrann agus amaidí a bhí agus atá ar bun i saol na Gaeilge ó thaobh aontú de ar bhealach chun tosaigh gan titim amach faoi, mar a luann Alan Titley, ar cheart Gaeilge a labhairt le Gael nach cainteoir dúchais é/í.

Pléann Gearóid Ó Crualaoich pearsantacht an fhile agus an aithne, más féidir aithne a bheith ann, a bhí aige air.

Cé 'nárbh fhear cóisire é' Ó Ríordáin, dearbhaíonn Ó Crualaoich gur chuir sé spéis in imeachtaí taobh amuigh dá chuid filíochta agus dá chloigeann féin.

Pléitear an tsuim a bhí aige i gcúrsaí ó Thuaidh go luath sna seachtóidí agus an dímheas a bhí aige ar Jack Lynch mar atá léirithe sa cholún a scríobh sé don *Irish Times*. Ní ar deoraíocht a bhí sé.

Ina halt suimiúil, cuireann Pádraigín Riggs téis chun tosaigh go raibh Ó Ríordáin sa tóir air Thír na nÓg, áit a raibh sé (agus muid) ann tráth agus go bhfuil spraoi ag baint leis an tóraíocht agus gurbh fhiú toradh an turais in ainneoin na ndeacrachtaí a mbíonn ag baint leis.

Is buaine an t-uaigneas le fírinne an ruda ann féin a chuardach.

Cuireann Alan Titley spéis i gceist na teanga agus an cheist thábhachtach á tomhas cén fáth a ndeachaigh an file leis an Ghaeilge seachas Béarla.

Tógadh i mbreac-Ghaeltacht é agus bhog sé ó Bhaile Bhúirne agus é ina dhéagóir go dtí áit nach raibh Gaeilge á labhairt.

Ach maíonn Titley agus údair eile gur shaibhrigh Ó Ríordáin an Ghaeilge.

D'fhill sé ar an Ghealtacht, go háirithe ar mhuintir Chorca Dhuibhne. Deir Ó Ríordáin gur athbheochan na teanga a thug inspioráid dó agus a thiomáin é ina chuid filíochta.

Fianaíonn an leabhar seo gur chruthaigh Ó Ríordáin teanga nua don saol nua. Tá gearán á dhéanamh ag Titley a théann go croí an leabhair agus is é sin múchadh litríocht na Gaeilge i gcúrsaí léirmheastóireachta.

Is dócha go bhfuil an leabhar seo mar chuid den fheachtas a chuirfidh ina éadan sin.

Is eagal le criticeoirí an lae inniu go síleadh iad nó a n-ábhair cúngaigeanta agus ceanglaítear Ó Ríordáin le scríbhneoirí tábhachtacha dála Joyce, Beckett agus Mallarmé.

Is maith, is cinnte, go raibh sé in inmhe comhairle a mhúinteora, Daniel Corkery, a sheachaint. Bhí sé ag iarraidh traidisiún dúchasach neamh-thuilleamaíochta a thabhairt chun cinn seachas tionchair eachtracha.

Bréagnaíonn cuid den íomhá atá deannaithe ar an fhile agus tugann siad iontróid agus uillinn eile le hathscrúdú a dhéanamh ar a shaothar.

Is fíor, áfach, mar a léiríonn Frank Sewell i leabhar eile gur athraigh Ó Ríordáin ó thraidisiún go dtí tionchair eachtracha agus ar ais arís mar a d'fhóirfeadh dó.

Cé go mbogann cuid de na haistí rófhada i dtreo an scolaíochais, is ábhair léimh phléisiúrtha iad uile ós a bheith scríofa i gcanúintí na n-údar féin.

Más é aidhm an leabhair Ó Ríordáin a athghabháil mar an duine a bhí sa tóir ar 'Thír na nÓg ar chúl an Tí', ní róluath an comóradh a bheith ag RTÉ i bhfoirm cainteanna dhá bhliain ó shin agus ní róluath é a bheith i bhfoirm leabhair anois.



Tig linne, mar sin, an 'suntas' a mhothú nuair a chéadléigh daoine i 1945 an 'guth nua' a dhánta.

Tar Éis a Bháis: Aistí ar Sheán Ó Ríordáin
Máiréad Ní Loingsigh a chuir in eagar
€12.00

Saoirse na bhfuaimthonnta

Dónall Mac Giolla Chóill

Is iontach an scéal é seo, fíorscéal ó pheann Steve Conway, a bhí lá den saol ina láithreoir agus ina bhainisteoir stáisiúin ar Radio Caroline, stáisiún bradach raidió a bhíodh ag craoladh sna 1980í agus na 90í.

Chuala muid uilig is dócha faoi Radio Luxembourg agus a leithéidí, agus bhíodh Radio Caroline ag craoladh mar an gcéanna, ar neamhchead ó na húdaráis chraoltóireachta sa Ríocht Aontaithe, ar bharr na dtonn!

Anois is beag Gael nár chuala iomrá ar Raidió Fáilte a bhíodh ar feadh na mblianta ina stáisiún bradach ag craoladh ó thuas staighre i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste, agus is beag Gael ón chathair sin nár chaith seal ag craoladh nó faoi agallamh ar an stáisiún céanna (an scríbhneoir seo ina measc!)

Tuigimid uilig, mura dtig brath ar na húdaráis os ár gceann, má tá seirbhísí le cur ar fáil dúinn, go gcuirfimid féin ar bun iad.

Is sampla breá de seo na Gaelscoileanna anseo, agus na stáisiúin raidió 'mhídhleathacha', Raidió Saor-Chonamara, Raidió Fáilte, an nuachtán *Lá* srl.

Agus sin mar a bhí na stáisiúin seo, ar bharr na dtonn, fada go leor amach ón chósta, ionas go mbeadh siad in uiscí idirnáisiúnta, saor ó dhlínse aon rialtais, agus ag craoladh leo.

Bhí na stáisiúin seo ag freagairt do riachtanais a bhíodh ann sna laethanta nuair a bhí leithéid an BBC agus stáisiúin eile státurraithe agus ceadaithe ag déanamh beag is fiú den cheol chomhaimseartha, gan iomrá ar nua-aimseartha, agus le freagra a thabhairt don neamart seo, bunaíodh stáisiúin bhradacha.

Chomh doiligh agus a bhí (agus gan dabht atá) sé leithéid Raidió Fáilte a choinneáil ar an aer an t-am ar fad, ar a laghad níor luasc an stáisiún sa ghaoth, agus ní raibh baol a mbáite ar aon chraoltóir am ar bith sna seanlaethanta.

Samhlaigh stáisiún ar bhád, amach ón chósta, sa Mhuir Thuaidh, le beagán soláthair agus le beagán cuidithe, ach amháin scaifte díograiseoirí, agus lucht tacaithe, agus éisteoirí ar thalamh tirim.

Sa leabhar seo *Shiprocked*, tugann Conway léargas dúinn ar an saol ar an fharraige, agus an chruatan a d'fhulaing na craoltóirí, na hinnealtóirí agus uile.

Na deacrachtaí a bhí orthu sárú ar bhonn laethúil, bhí siad iontach, agus minic go leor as an aer iad mar gheall ar fhadhbanna teicniúla.

D'aon duine eile, má chliseann ar chúrsaí teicniúla, níl ach turas gairid chuig siopa crua-earraí nó fios a chur ar speisialtóir teicniúil ar an ghuthán, agus beidh gach rud i gceart, ach is scéal iomlán eile é agus tú amuigh ar an fharraige.

Rinne siad éachtaí agus choinnigh siad an fhís don stáisiún raidió beo, d'ainneoin na haimsire, d'ainneoin iarrachtaí rialtas Margaret Thatcher sna 80í agus na gCoimeádach sna 90í iad a chur ó mhaith, agus dlínse na Breataine a scaipeadh níos faide amach ón chósta.

Tá greann sa leabhar seo, mar a mbeifeá ag súil leis agus scaifte strainséirí buailte le chéile i mbád, gan deis teacht nó imeacht acu, ach amháin nuair a thiocfadh an bád soláthair, dá dtiocfadh sé.

Is minic fágtha ar an ghannchuid iad, ach d'éirigh leo, agus tá gach casadh agus gach tiontú sa scéal seo inste ag Steve Conway, a bhí ina fhear óg ó Bhaile Átha Cliath ag an am, inste ar dhóigh iontach tarraingteach, mar a mbeifeá ag súil leis ó fhear ar an taobh istigh.

Do dhuine ar bith le suim i gcúrsaí craoltóireachta, agus i stáisiúin bhradacha, bheadh an leabhar seo ina ábhar spéise, agus don ghnáththuatach, nach bhfuil uaidh ach seal breá taitneamhach léitheoireachta, bheadh an leabhar seo inmholta chomh maith.

Shiprocked
Life on the waves with Radio Caroline
Steve Conway
Liberties Press

Is iarchraoltóir le Raidió na Life, RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus Raidió Fáilte, agus iareagarthóir Lá Nua é Dónall Mac Giolla Chóill